CEACHT 33

SA GHAIRDÍN

A. Abairtí úsáideacha i ngnáthchaint na scoile a chleachtadh,
m.sh. Téigh go dtí an siopa, a Nóra.
Rachaidh mé.
Céard a rinne tú?
Chuaigh mé go dtí an siopa.
Ceannaigh milseáin, a Eoin.
Ceannóidh mé.
Céard a rinne tú?
Cheannaigh mé milseáin.

B. Cloisteáil, Aithint, Aithris

Bunchomhrá

Tá Mamaí agus Daidí sa ghairdín. Tá na páistí sa ghairdín freisin. Tá siad ag cuidiú le Mamaí agus Daidí.

Agallamh

Daidí: Faigh canna uisce, a Choilm.
Colm: Tá sé agam anois.
Mamaí: Cuir an t-uisce ar na bláthanna.
Nuala: Céard a dhéanfaidh mise, a Mhamaí?
Mamaí: Pioc cúpla bláth dom.

C. Cleachtadh

Cé atá sa ghairdín?
Céard atá siad a dhéanamh?
Céard atá ag Colm?
Céard atá Colm/Nuala a dhéanamh?

Cleachtadh a thabhairt do na páistí ar chuid de mhúnlaí an Bhunchomhrá,
m.sh. Tá Mamaí **sa ghairdín/sa teach/sa chistin,** etc.
Tá canna uisce **ag Colm/agam/agat/aige/aici.**

D. Leathnú

Amhrán (An ceol ar théip)
Curfá:

Ag obair, ag obair, ag obair le Daidí,
Ag obair, ag obair amuigh sa ghairdín.

I

Tá Daidí ag obair, ag obair sa ghairdín,
Tá Colm ag cuidiú, ag cuidiú sa ghairdín.

Curfá:

II

Tá Mamaí ag obair, ag obair sa ghairdín,
Tá Colm ag cuidiú, ag cuidiú sa ghairdín.

Curfá: